Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2014
(OR. en)

15733/14

**Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0187 (COD)**

AVIATION 218
CODEC 2291

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roime seo: | 15472/14 AVIATION 2010 CODEC 2236 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11496/13 AVIATION 90 CODEC 2072 |
| Ábhar: | ***Preparation of the Council meeting (Transport, Telecommunications and Energy) on 3 December 2014***<br>Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Regulation (EC) No 216/2008 in the field of aerodromes, air traffic management and air navigation services - SES II+, EASA Regulation<br>- General approach |

## I. RÉAMHRÁ

An 12 Meitheamh 2013, chuir an Coimisiún dhá thogra reachtacha chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa ar thograí iad i dtaca leis na Rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair a nuashonrú agus a gcur chun feidhme a bhrostú. Leis an bpacáiste SES II + dírítear ar fheabhas a chur ar iomaíochas an chórais aeriompair Eorpaigh agus ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an tionscnamh Aerspás Eorpach Aonair a seoladh in 2004. Is é is aidhm iomlán don tionscnamh SES feabhas a chur ar na caighdeáin sábháilteachta aeriompair atá ann faoi láthair, cur le forbairt inbhuanaithe an chórais aeriompair agus feabhas a chur ar fheidhmíocht iomlán an Chórais Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (ATM) agus ar sheirbhísí aerloingseoireachta (ANS).

Sa chomhthéacs sin, le hathmhúnlú na gceithre Rialachán SES II (Togra le haghaidh Athmhúnlú) agus le leasuithe ar an Rialachán lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (an Togra EASA) shimpleofaí an creat reachtach, bhainfí forluí sna rialacha atá ann faoi láthair, chuirfí feabhas ar an gcóras maoirseoireachta agus leasófaí na rialacha atá ann cheana agus é d'aidhm leis sin feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán i mbainistiú aerthráchta. Na príomhfhadhbanna a dtugtar aghaidh orthu sna tograí is ea éifeachtúlacht neamhleor na seirbhísí aerloingseoireachta agus ilroinnt an Chórais um Bainistíocht Aerthráchta (ATM).

Níos sonraí fós, is iad cuspóirí na leasuithe sa Togra EASA raon feidhme reatha an Rialacháin EASA a chur i gcomhréir le creat reachtach SES, na mí-oiriúnaithe idir an dá thogra a bhaint agus coincheapa idir-inoibritheachta SES a ionchorprú. Leis an Togra déantar nuashonrú freisin ar Rialachán EASA, cuirtear san áireamh an méid a thit amach le déanaí i gclár taighde SESAR agus déantar an Rialachán a chomhchuibhiú le Comhráiteas agus Téacs Comhpháirteach Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin maidir le gníomhaireachtaí díláraithe (Téacs Comhpháirteach).

## II. <u>OBAIR A RINNEADH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE</u>

An 2 Meán Fómhair 2013 chuir an Coimisiún na tograí le haghaidh an phacáiste SES 2 + faoi bhráid na Meithle um Eitlíocht mar aon leis na measúnú tionchair a ghabhann leo. Mar fhreagairt dó sin mheas formhór na dtoscaireachtaí gur tíolacadh iad roimh am, ag cur san áireamh nach bhfuil ann go fóill, ó thaobh acmhainneacht, do thoradh leordhóthanach ar chur chun feidhme an phacáiste reachtaíochta a bhí ann roimhe. Chuir siad in iúl freisin an baol go mbeadh sé fritorthúil athruithe a dhéanamh go minic ar an struchtúr SES mar atá faoi láthair seachas aidhm fhoriomlán na héifeachtúlachta a bhaint amach. I ndiaidh do na Ballstáit barúlacha diúltacha a chur in iúl agus i ndiaidh d'Uachtaránacht na hIodáile tús a chur lena tréimhse i mí Iúil 2014 chuir an Mheitheal tús leis an mionscrúdú ar an bpacáiste SES 2+ agus rinneadh an obair ar an dá thogra reachtacha i gcomhthráth.

Chun go ndéanfar dul chun cinn go tapa i leith phacáiste SES 2+ ina iomláine, lean an Uachtaránacht cur chuige teoranta maidir leis an Rialachán EASA agus ba ar na hAirteagail sin amháin sa togra a bhfuil nasc díreach acu leis an Togra le haghaidh Athmhúnlú SES a rinne sí scrúdú. Ba mhór ag na toscaireachtaí cur chuige na hUachtaránachta, cur chuige atá dírithe ar thorthaí, agus thug siad faoi deara freisin go meastar go bhfuil an Coimisiún chun togra ar leith a thíolacadh le linn 2015 maidir le leasú iomlán a dhéanamh ar an Rialachán EASA. Mheas siad gur cheart scrúdú a dhéanamh, i gcomhthéacs leathan fhreagrachtaí na Gníomhaireachta, ar roinnt saincheisteanna bunúsacha a bhaineann le stádas agus ról na Gníomhaireachta, amhail an t-ainm atá uirthi agus an struchtúr airgeadais atá uirthi, agus ní hamháin ó thaobh dearcadh i leith ATM ar a ndírítear go príomha sa phacáiste SES II +.

Leis an leasú a bheartaítear a dhéanamh ar Rialachán EASA cuirfear deis ar fáil chun scrúdú domhain a dhéanamh ar na hábhair imní bunúsacha leathana sin. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear sa dréacht- chur chuige ginearálta atá san Iarscríbhinn ach roinnt Airteagal, agus maidir leis an gcuid eile tugtar neamhaird ar an Togra ón gCoimisiún.

## III. <u>BARÚLACHA GINEARÁLTA</u>

Go ginearálta, ba mhór ag na Ballstáit go bhfuil rún ag an gCoimisiún simpliú agus soiléiriú a dhéanamh ar chreat reachtach an Spáis Eorpaigh Aonair atá ann faoi láthair agus thacaigh siad le comhfhogasú an Rialacháin EASA le forálacha an Togra le haghaidh Athmhúnlú SES. Le foireann éascaithe, aonfhoirmeach rialacha, go háirithe i rialacháin theicniúla amhail rialacháin idir-inoibritheachta agus deimhniúcháin i réimse ATM/ANS, soláthraítear breisluach trí fhāil réidh le forluí leis an Rialachán SES. Deighleann siad go soiléir rialáil eacnamaíoch ar SES mar atá sa Togra le haghaidh Athmhúnlú ó ghnéithe teicniúla SES ina bhfuil ról sonrach ag an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí ATM/ANS a áirithiú.

De bhreis ar an obair dhian a rinneadh ar leibhéal na meithle, scrúdaigh agus d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe téacs an dréacht-chur chuige ghinearálta ag an gcruinniú a bhí aige an 21 Samhain 2014. Ag an gcruinniú sin, d'iarr ES soiléirithe ón gCoimisiún maidir le hinfheidhmeacht an togra EASA maidir le haerfoirt, go háirithe maidir le haerfort Ghiobráltar, agus léirigh sí go mbeadh a seasamh ag brath ar ráiteas ón gCoimisiún ina leith sin. Dhearbhaigh seirbhísí ón gCoimisiún nach gcumhdaítear aerfoirt leis an togra EASA, agus thug siad gealltanas uathu go gcuirfí ráiteas ábhartha faoi sin sna miontuairiscí ón gComhairle.[1]

Leagtar amach anseo thíos forbhreathnú ar an obair, agus léirítear mioncheartúcháin theicniúla ar an téacs i gcló trom agus le líne tríothu.

Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte ag UK maidir leis an moladh i gcónaí.

## IV. BARÚLACHA MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA SONRACHA

### (a) Gnéithe mhíleata

Mhol an Coimisiún raon feidhme Rialachán EASA a mhéadú chun a áirithiú go gcloífidh soláthraithe seirbhísí míleata le rialacha aerthráchta sibhialta nuair a chuirfidh siad seirbhísí ar fáil do thrácht shibhialta. Ó thús an idirphlé, chuir Ballstáit i gcoinne an raon feidhme leasaithe go láidir, mar mheas siad gur sárú ar neamhspleáchas rialála an chomhphobail mhíleata é a chur faoi rialacha SES. I ndiaidh idirphlé fairsing le saineolaithe míleata na mBallstát agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint an 14 Deireadh Fómhair 2014, tháining an Uachtaránacht chun na críche go bhfanfaidh an Rialachán EASA gan athrú, agus go mbeidh feidhm i gcónaí agus an oibleagáid atá an cheana go n-áiritheoidh an t-arm leibhéal sábháilteachta a bheidh ar a laghad chomh héifeachtach leis na ceanglais bhunriachtanacha is infheidhme maidir le soláthróirí seirbhísí sibhialta.

[1] Rinneadh ráiteas comhchosúil tráth ar glacadh an leasú deireanach ar Rialachán EASA, Rialachán (CE) Uimh 1108/2009 (cf. doic. 12955/09 ADD 1).

**(b) Deimhnithe agus cearbhuithe don idir-inoibritheacht**

Tá soláthar seirbhísí aerloingseoireachta faoi réir deimhniúcháin ó EASA nó ó údaráis náisiúnta maoirseachta, agus i gcás roinnt seirbhísí faoi réir féindearbhúcháin ón soláthróir seirbhísí. Cé go bhfuil na prionsabail sin leagtha síos in Airteagal 8 den togra Athmhúnlaithe SES, tá rialacha na substainte sa Rialachán EASA, eodhan na ceanglais bhunriachtanacha nach mór do sholathróirí seirbhísí aerloingseoireachta cloí leo (Airteagal 8b and Iarscríbhinn Vb). Tá na rialacha cumachtaithe gaolmhara chun na rialacha sin a chur chun feidhme agus a leasú tuilleadh (Airteagal 8b), agus freagrachtaí gaolmhara EASA (Airteagal 22a) leagtha amach sa Rialachán EASA freisin.

Maidir le heintitis cháilithe, arbh fhéadfaidh feidhmeanna maoirseachta na n-údarás inniúil a tharmligean dóibh, leanann SES Athmhúnlaithe agus an Rialachán EASA de struchtúr comhchosúil. Leagtar amach sa togra Athmhúnlaithe SES agus creat foriomlan do na heintitis sin, agus tá na critéir nach mór dóibh a chomhlíonadh in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an togra EASA.

Agus an struchtúr seo thuas á choimeád, tá príomhshruthú agus soiléiriú déanta ar na forálacha lena mbaineann ar leibhéal na meithle. Dá bharr sin, coimeádadh sainmhíniú aonair ar 'dhearbhú' agus Iarscríbhinn aonair le haghaidh eintitis cháilithe sa togra EASA amháin, lena gcuirtear deireadh le dúbailt leis an gcreat rialála SES. Rinneadh soiléiriú freisin ar fhreagrachtaí na Gníomhaireachta maidir le deimhnithe agus le dearbhuithe. De bhreis air sin, agus céim bhreise á ndéanamh acu chun freagrachtaí na Gníomhaireachta a shonrú, thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire go dearfach go bhféadfaí sonraíochtaí mionsonraithe na gceanglas bunriachtanach a bhunú ar leibhéal Eorpach. I bhfianaise impleachtaí an chur chuige nua lárnaithe chomhchuibhithe seo maidir le freagrachtaí EASA, áfach, mheas na toscaireachtaí gurbh iomchuí an rogha sin a scrúdú i gcomhthéacs athbhreithnithe fhoriomláin ar an Rialacháin EASA in 2015.

## (c) Muirir bhealaigh

Sa dá thogra SES II +, chuir an Coimisiún leasuithe chun cinn go dtabharfaí isteach muirir bhealaigh mar fhoinse maoinithe do ghníomhaíochtaí ATM na Gníomaireachta atá ag dul i méid. Sa chomhthéacs SES, ba é ba chúis leis an athrú sin an t-aistriú saineolais Eurocontrol chun cúraimí a chomhlíonadh go EASA ó glacadh na Rialacháin SES II. Os rud é nárbh fhéadfaidh an Coimisiún barántas a thabhairt ag an staid seo maidir le modúlachtaí praiticiúla aistrithe den chineál sin ó chreat institiúideach Eurocontrol, áfach, cuireadh cinneadh maidir leis an bhfoinse breise cistithe sin ar athló go dtí go ndéanfar plé ar chistiú foriomlán EASA faoi athbhreithniú an Rialachán EASA in 2015.

## (d) Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme

Leis an gcur chuige ginearálta nuashonraítear na forálacha maidir le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme in dá chás amháin, eodhan maidir le ceanglais bhunriachtanacha (Airteagal 8b) agus maidir le táillí agus muirir (Airteagal 64). Cuirtear isteach na hAirteagail chaighdeánacha chomhfhreagracha 65a - 65c chun na hathruithe sin a léiriú, agus i gcás na bhforálacha eile is é atá i gceist go gcoimeádfar agus go leanfar d'fheidhm na seanrialacha nós imeachta mar atá leagtha amach faoi láthair in Airteagal 65 de Rialachán (CE) 216/2008.

# V. AN OBAIR A RINNEADH I BPARLAIMINT NA HEORPA

Cheap Parlaimint na hEorpa David-Maria SASSOLI mar rapóirtéir don chomhad a ghlac sí a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2014.

# VI. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid sin, ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Nollaig 2014, iarrtar ar an gComhairle:

– an téacs atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo a scrúdú agus cur chuige ginearálta a ghlacadh;

– an ráiteas atá le tíolacadh ag an Coimisiún a thabhairt ar aird agus a chur isteach sna miontuairiscí ón gComhairle.

## Airteagal 1
## Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) dearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta, agus pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh, le táirgeadh agus le cothabháil na dtáirgí sin, na bpáirteanna sin agus na bhfearas sin chomh maith;

(b) an pearsanra agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoibriú aerárthaí;

(c) dearadh, cothabháil agus oibriú aeradróm, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin agus, gan dochar do reachtaíocht Chomhphobail agus/nó náisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus maidir le pleanáil úsáide talún agus coimirciú an limistéir thart ar aeradróim;

(d) dearadh, táirgeadh agus cothabháil threalamh aeradróim, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin;

(e) dearadh, táirgeadh agus cothabháil córas agus comhpháirteanna do bhainistiú aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta (ATM/ANS), chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin;

(f) ATM/ANS, chomh maith leis an bpearsanra agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán sin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) táirgí, páirteanna, fearais, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(a) agus 1(b) agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó do sheirbhísí míleata, custaim, póilíneachta, cuardaigh agus tarrthála, comhraic dóiteáin, garda cósta nó do ghníomhaíochtaí nó do sheirbhísí den tsamhail chéanna. Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin a áirithiú go mbeidh aird chuí ag na seirbhísí sin, a mhéid is indéanta, ar chuspóirí an Rialacháin sin;

(b) aeradróim nó cuid díobh, mar aon le trealamh, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(c) agus (d), atá faoi rialú agus á n-oibriú ag an arm;

(c) ATM/ANS, lena n-áirítear córais agus comhpháirteanna, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(e) agus (f), arna soláthar nó arna gcur ar fáil ag an arm. Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin a áirithiú go ndéanfar aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, i gcás inarb iomchuí, a scaradh ó aerárthaí eile.

3. Gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. (XXXX/XXX) maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú), áiritheoidh Ballstáit, a mhéid is indéanta, go gcuirfidh saoráidí míleata atá oscailte d'úsáid phoiblí agus dá dtagraítear i mír 2(b) nó seirbhísí a sholáthraíonn pearsanra míleata don phobal agus dá dtagraítear i mír 2(c), leibhéal sábháilteachta ar fáil atá chomh héifeachtach ar a laghad leis an leibhéal a éilítear leis na ceanglais bhunriachtanacha mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn Va agus in Iarscríbhinn Vb.

## Airteagal 2

## Cuspóirí

1. Is é príomhchuspóir an Rialacháin seo leibhéal ard aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a bhunú agus a choimeád san Eoraip.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí breise atá ann sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo:

(a) leibhéal ard aonfhoirmeach de chaomhnú an chomhshaoil a áirithiú;

(b) saorghluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí a éascú;

(c) an chostéifeacht a chur chun cinn sna próisis rialúcháin agus deimhniúcháin agus dúbailt a sheachaint ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa;

(d) cúnamh a thabhairt do Bhallstáit agus na hoibleagáidí a chuirtear orthu faoi Choinbhinsiún Chicago á gcur i gcrích acu, trí bhonn a chur faoi léirmhíniú comhchoiteann ar fhorálacha an Choinbhinsiúin sin agus faoina gcur chun feidhme go haonfhoirmeach, agus trína áirithiú go dtabharfar aird chuí thráthúil ar a fhorálacha, go háirithe caighdeáin ICAO, sa Rialachán sin agus sna rialacha a tharraingítear suas dá chur chun feidhme;

(e) dearcaí an Chomhphobail maidir le caighdeáin agus maidir le rialacha sábháilteachta don eitlíocht shibhialta a chur chun cinn ar fud an domhain trí chomhar cuí a bhunú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(f) an deis chéanna a thabhairt do gach uile ghníomhaí i margadh inmheánach na heitlíochta.

(g) tacú le máistirphlean ATM a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

(h) sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a rialáil ar bhealach atá comhréireach le gach cineál gníomhaíochta faoi leith.

3. Is iad na modhanna seo a leanas a úsáidfear chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 a bhaint amach:

(a) na gníomhartha uile is gá a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach;

(b) aitheantas a thabhairt, gan ceanglais bhreise, do dheimhnithe, do cheadúnais, d'fhormheasanna nó do dhoiciméid eile a dheonaítear do tháirgí, do phearsanra agus d'eagraíochtaí i gcomhréir leis an Rialachán sin agus lena rialacha cur chun feidhme;

(c) Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteachta Eitlíochta (dá ngairfear an Ghníomhaireacht anseo feasta) a bhunú a bheidh neamhspleách;

(d) na gníomhartha uile is gá a bheith á gcur chun feidhme go haonfhoirmeach ag na húdaráis náisiúnta eitlíochta agus ag an nGníomhaireacht laistigh dá réimsí freagrachta faoi seach.

**Airteagal 3**

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallóidh 'maoirseacht leanúnach' na tascanna a bheidh le déanamh chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh deimhniú nó atá cumhdaithe ag dearbhú fós á gcomhlíonadh aon tráth le linn thréimhse bailíochta an deimhnithe nó an dearbhaithe sin, agus aon bheart cosanta a dhéanamh chomh maith;

(b) ciallóidh "Coinbhinsiún Chicago" an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944;

(c) ciallóidh "táirge" aerárthach, inneall nó lián;

(d) ciallóidh "páirteanna agus fearais" aon ionstraim, aon trealamh, aon mheicníocht, aon pháirt, aon ghaireas, aon chomhghabhálas nó aon ghabhálas, lena n-áirítear trealamh cumarsáide, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun aerárthach a oibriú nó a rialú le linn eitilte; áirítear leis sin páirteanna d'aerchabail, d'inneall nó de lián, nó trealamh a úsáidtear chun an t-aerárthach a ardú ón talamh;

(da) ciallóidh 'comhpháirteanna ATM/ANS' aon chomhpháirt mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(19) de Rialachán (CE) XXX/XXX maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú);

(e) ciallóidh "deimhniúchán" aon chineál aitheantais lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, páirt nó fearas, eagraíocht nó duine na ceanglais is infheidhme lena n-áirítear forálacha an Rialacháin seo agus a rialacha cur chun feidhme, chomh maith le heisiúint an deimhnithe ábhartha lena bhfianaítear an comhlíonadh sin;

(ea) ciallóidh 'dearbhú', chun críocha ATM/ANS, aon ráiteas i scríbhinn:

(i) maidir leis an gcumas agus na modhanna chun na cúraimí a chur i gcrích a bhaineann le seirbhísí faisnéise eitilte áirithe, dá dtagraítear in Airteagal 8b(3) den Rialachán sin;

(ii) maidir leis an gcumas agus na modhanna chun na cúraimí a chur i gcrích d'eagraíochtaí atá i mbun córais agus comhpháirteanna ATM/ANS a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, dá dtagraítear in Airteagal 8b(4) den Rialachán sin;

(iii) maidir le comhréireacht nó oiriúnacht chun úsáide na gcóras agus na gcomhpháirteanna arna n-eisiúint ag eagraíocht atá ag gabháil do dhearadh, monarú agus cothabháil chórais agus chomhpháirteanna ATM/ANS, dá dtagraítear in Airteagal 8b(5a) den Rialachán sin;

(iv) maidir le fíorú córais atá le cur i bhfeidhm a eisíonn soláthróir seirbhíse, dá dtagraítear in Airteagal 8b(5a) den Rialachán sin.

(f) ciallóidh "aonán incháilithe" comhlacht a bhféadfadh an Ghníomhaireacht nó údarás náisiúnta eitlíochta tascanna sonracha deimhniúcháin nó maoirseachta a shannadh dó [...], agus atá faoi rialú agus faoi fhreagracht na Gníomhaireachta nó údaráis eitlíochta náisiúnta;

(g) ciallóidh "deimhniú" aon fhormheas, aon cheadúnas nó aon doiciméad eile a eisíodh mar thoradh ar dheimhniúchán;

(h) ciallóidh "oibreoir" aon duine dlítheanach nó aon duine nádúrtha, a oibríonn aerárthach amháin nó níos mó ná aerárthach amháin nó a bheartaíonn aerárthach amháin nó níos mó ná aerárthach amháin a oibriú nó aerodróm amháin nó níos mó ná aerodróm amháin a oibriú;

(i) ciallóidh "oibríocht tráchtála" aon oibríocht aerárthaigh, mar mhalairt ar luach saothair nó ar chomaoin luachmhar eile, atá ar fáil don phobal nó, nuair nach gcuirtear ar fáil don phobal í, a dhéantar faoi chonradh idir oibreoir agus custaiméir, i gcás nach mbeidh an t-oibreoir faoi rialú an chustaiméara;

(j) 'ciallóidh "aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach:

(i) eitleán:

- a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe aige a sháraíonn 5700 kg, nó

- atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag, nó

- atá deimhnithe chun oibriú le foireann de bheirt phíolóta ar a laghad, nó

- atá feistithe le (a) hinneall turbascairde nó le hinnill turbascairde nó le níos mó ná inneall turbathiomána amháin; nó

(ii) héileacaptar atá deimhnithe:

- d'uasmhais éirí de thalamh a sháraíonn 3175 kg nó

- d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán, nó

- chun oibriú le foireann de bheirt phíolóta ar a laghad; nó

(iii) aerárthach claonrótair;

(k) ciallóidh "feiste oiliúna insamhalta eitilte" aon chineál feiste ina ndéantar dálaí eitilte a insamhladh ar an talamh; áirítear leo insamhlóirí eitilte, feistí oiliúna eitilte, oiliúnóirí nósanna imeachta eitilte agus loingseoireachta agus feistí bunúsacha um oiliúint ar uirlisí;

(l) ciallóidh "rátáil" ráiteas a bhreactar ar cheadúnas, lena leagtar síos pribhléidí, coinníollacha speisialta nó srianta speisialta a bhaineann leis sin;

(m) ciallóidh "aeradróm" limistéar sainithe (lena n-áirítear aon fhoirgnimh, suiteálacha agus trealamh) ar talamh nó ar uisce nó ar dhéanmhas fosaithe, ar dhéanmhas fosaithe amach ón gcósta nó ar dhéanmhas snámhach a bheartaítear a úsáid go hiomlán nó go páirteach i ndáil le teacht, imeacht agus gluaiseacht dromchla aerárthaí;

(n) ciallóidh "trealamh aeradróim" aon trealamh, aon ghaireas, aon chomhghabhálas, aon bhogearra nó aon ghabhálas, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun rannchuidiú le hoibriú aerárthaí ag aeradróm;

(o) ciallóidh "naprún" limistéar sainithe atá beartaithe chun freastal ar aerárthaí chun críocha luchtaithe nó díluchtaithe paisinéirí, poist nó lasta, nó chun críocha breoslaithe, páirceála nó cothabhála;

(p) ciallóidh "seirbhís bainistíochta naprúin" seirbhís a sholáthraítear chun gníomhaíochtaí agus gluaiseacht aerárthaí agus feithiclí ar an naprún a bhainistiú;

(q) ciallóidh 'ATM/ANS' na feidhmeanna nó na seirbhísí bainistithe aerthráchta mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(10) de Rialachán (CE) XXX/XXX maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú), seirbhísí aerloingseoireachta mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(4) den Rialachán sin, lena n-áirítear na seirbhísí bainistithe gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 17 den Rialachán sin, agus seirbhísí arb é atá iontu sonraí a thionscnamh agus a phróiseáil agus sonraí a fhormáidiú agus a sholáthar d'aerthrácht ginearálta chun críche aerloingseoireachta is sonrach don tsábháilteacht;

(r) ciallóidh 'córas ATM/ANS' aon teaglaim de threalamh agus de chórais mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(33) de Rialachán (CE) [XXX/XXX] maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú);

(s) ciallóidh "seirbhís faisnéise eitiltí" seirbhís a sholáthraítear ar mhaithe le comhairle agus faisnéis a thabhairt a bheidh úsáideach chun eitiltí a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtúil;

(t) ciallóidh 'aerthrácht ginearálta' gluaiseachtaí uile aerárthaí sibhialta, chomh maith le gluaiseachtaí uile aerárthaí stáit, lena n áirítear aerárthaí míleata, custaim agus póilíní, i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le nósanna imeachta ICAO;

(u) ciallóidh 'Máistirphlean ATM' an plean arna fhormhuiniú le Cinneadh 2009/320/CE[2], ón gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 219/2007[3] ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun an ghlúin nua den chóras Eorpach um bainistiú aerthráchta (SESAR) a fhorbairt[4].

**Airteagal 8b**

**BAT/SAL**

1. Comhlíonfaidh soláthar ATM/ANS na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb agus, a mhéid is indéanta, in Iarscríbhinn Va.

2. Beidh ceangal ar sholáthraithe ATM/ANS deimhniú a shealbhú. Eiseofar an deimhniú nuair a bheidh sé léirithe ag an soláthraí go bhfuil sé ar a chumas agus ar a acmhainn na freagrachtaí a ghabhann le pribhléidí an tsoláthraí a chomhall. Déanfar na pribhléidí a dheonaítear don oibreoir agus raon na n-oibríochtaí a shonrú ar an deimhniú.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh cead ag soláthraithe seirbhísí faisnéise eitiltí a gcumas agus a n-acmhainn a dhearbhú maidir leis na freagrachtaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear a chomhall.

---

2 IO L 95, 9.4.2009, lch. 41.
3 IO L 64, 2.3.2007, lch. 1.
4 IO L 64, 2.3.2007, lch. 1. mar a leasaítear é le Rialachán (CE) Uimh. 1361/2008 agusRialachán Uimh. 721/2014 (IO L 352, 31.12.2008 agus IO L 192, 1.7.2014).

4. Féadfar, leis na bearta dá dtagraítear i mír 6, ceanglas deimhniúcháin nó dearbhúcháin a leagan síos maidir le heagraíochtaí a ghabhann do chórais agus do chomhpháirteanna ATM/ANS a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, córais agus comhpháirteanna a bhfuil sábháilteacht nó idir-inoibritheacht ag brath orthu. Eiseofar an deimhniú do na heagraíochtaí sin nuair a bheidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas agus ar a n-acmhainn na freagrachtaí a ghabhann lena gcuid pribhléidí a chomhall. Déanfar na pribhléidí a dheonófar a shonrú ar an deimhniú.

5. Féadfar a leagan síos leis na bearta dá dtagraítear i mír 6, ceanglas deimhniúcháin i ndáil le córais agus comhpháirteanna ATM/ANS a bhfuil sábháilteacht nó idir-inoibritheacht ag brath orthu. Eiseofar an deimhniú nó an dearbhú do na córais agus do na comhpháirteanna sin, nó bronnfar bailíochtú, nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann na córais agus na comhpháirteanna na sonraíochtaí mionsonraithe arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha dá dtagraítear i mír 1.

5a. Féadfar a leagan síos leis na bearta dá dtagraítear i mír 6, ceanglas deimhniúcháin ón soláthraí ATM/ANS dá dtagraítear in Airteagal 3(ea) (iv) nó ón eagraíocht a ghabhann do chórais agus do chomhpháirteanna ATM/ANS dá dtagraítear in Airteagal 3(ea) (iii) a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, i ndáil le córais agus comhpháirteanna ATM/ANS, a bhfuil sábháilteacht nó idir-inoibritheacht ag brath orthu.

6. Glacfar i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65([…]**2**) na bearta seo a leanas is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Sonrófar sna bearta sin, go háirithe:

   (a) na coinníollacha faoina soláthrófar ATM/ANS i gcomhlíonadh na gceanglas bunriachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Va;

   (b) na coinníollacha faoina ndéanfar sonraíochtaí mionsonraithe a mbeidh feidhm acu maidir le córais agus comhpháirteanna ATM/ANS a bhunú agus faoina dtabharfar fógra don iarrthóir fúthu;

(c) na coinníollacha faoina ndéanfar na deimhnithe dá dtagraítear i mír [...] 2, agus nuair is iomchuí i mír 5, a eisiúint, a chothabháil, a leasú, a fhionraí nó a chúlghairm;

(d) na freagrachtaí a bheidh ar shealbhóirí na ndeimhnithe;

(e) i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha agus na nósanna imeachta don dearbhú ó na soláthraithe seirbhíse nó ó ha heagraíochtaí a ghabhann do chórais agus do chomhpháirteanna ATM/ANS a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, agus don mhaoirseacht orthu, dá dtagraítear i mír 3 go mír 5a;

(f) na coinníollacha faoina dtoirmeascfar nó faoina dteorannófar oibríochtaí nó faoina mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe ar mhaithe le sábháilteacht;

(g) na coinníollacha faoina ndéanfar faisnéis éigeantach a eisiúint agus a scaipeadh d'fhonn sábháilteacht a áirithiú maidir le soláthar ATM/ANS;

(h) [*scriosta*]

(i) rialacha oibriúcháin agus comhpháirteanna ATM/ANS is gá chun aerspás a úsáid.

Maidir le soláthar ATM/ANS, cumhachtófar don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 65b, Iarscríbhinn Vb a leasú nó a fhorlíonadh, nuair is gá ar chúiseanna a bhaineann le forbairtí teicniúla, oibríochtúla nó eolaíochta nó le fianaise sábháilteachta atá bainteach le ATM/ANS, d'fhonn na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 2 a bhaint amach, agus a mhéad is gá chuige sin.

7. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 6:

(a) léireoidh siad an úrscothacht agus na cleachtais is fearr i réimse ATM/ANS agus beidh siad i gcomhréir le Máistir phlean ATM, i gcás inab iomchuí;

(b) beidh siad comhréireach le cineál agus castacht na seirbhísí a sholáthraítear;

(c) go gcuirfear san áireamh leo taithí ATM/ANS ar fud an domhain agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;

(d) forbrófar iad trí leas a bhaint, a mhéid is indéanta, as forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh.[ XXX/XXX] maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlaithe) agus déanfaidh siad foráil maidir le sásraí idirthréimhseacha chun leanúnachas a áirithiú i gcás deimhnithe a deonaíodh cheana faoin Rialachán sin; ar dtús, áireofar iontu forálacha sábháilteachta na Rialachán sin agus, nuair is iomchuí, i gcás leasuithe amach anseo, cuirfidh siad an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil is déanaí san áireamh;

(e) go gceadóidh siad freagairt láithreach do na cúiseanna a cinneadh a bheith ann le tionóiscí agus le tarluithe tromchúiseacha;

**Airteagal 13**

**Aonáin cháilithe**

Nuair a bheidh tasc sonrach deimhnithe á thabhairt d'aonán cáilithe, áiritheoidh an Ghníomhaireacht nó an t-údarás náisiúnta eitlíochta lena mbaineann go gcomhlíonann an t-aonán sin na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

Ní dhéanfaidh eintitis incháilithe deimhnithe ná údaruithe a eisiúint, ná dearbhuithe a fháil.

## CAIBIDIL III
## GNÍOMHAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA NA hEORPA

### ROINN I
### Tascanna

### Airteagal 17

### Bunú agus feidhmeanna na Gníomhaireachta

1. Chun críche an Rialachán seo a chur chun feidhme, bunófar Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa.

2. Chun feidhmiú ceart agus forbairt shábháilteacht na heitlíochta sibhialta a áirithiú, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh sí faoi aon tasc agus tiocfaidh sí ar thuairimí maidir leis na hábhair uile a chumhdaítear le hAirteagal 1(1);

(b) tabharfaidh sí cúnamh don Choimisiún trí bhearta a ullmhú a ghlacfar chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. I gcás inar rialacha teicniúla agus rialacha sonracha a bhaineann le tógáil agus le dearadh agus le gnéithe oibríochta a bheidh i gceist, ní fhéadfaidh an Coimisiún a bhfuil iontu a athrú gan é a chomhordú roimh ré leis an nGníomhaireacht. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht an tacaíocht theicniúil, eolaíoch agus riaracháin is gá don Choimisiún lena thascanna a chomhlíonadh;

(c) glacfaidh sí na bearta is gá laistigh de na cumhachtaí a thugtar di leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht eile Chomhphobail;

(d) seolfaidh sí cibé cigireacht agus imscrúduithe is gá chun a tascanna a chomhlíonadh;

(e) ina réimsí inniúlachta, comhlíonfaidh sí, thar ceann na mBallstát, na feidhmeanna agus na tascanna a shainítear dóibh le coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme, go háirithe le Coinbhinsiún Chicago.

(f) tacaíocht a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát a dtascanna a dhéanamh trí fhóram a sholáthar do mhalartuithe faisnéise agus saineolaithe a chuirfidh na Ballstáit ar fáil ar bhonn deonach.

## Airteagal 22a

## BAT/SAL

Maidir le ATM/ANS dá dtagraítear in Airteagal 4(3c), déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) cigireachtaí agus iniúchtaí ar na heagraíochtaí arna ndeimhniú aici a dhéanamh í féin nó trí údaráis eitlíochta nó aonáin cháilithe náisiúnta;

(b) eiseoidh sí deimhnithe na n-eagraíochtaí um oiliúint ar phíolótaí agus na n-ionad aerleighis a bhfuil a suíomh lasmuigh de chríoch na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, a bpearsanra agus déanfaidh sí athnuachan orthu;

(c) eiseoidh sí agus athnuafaidh sí deimhnithe na n-eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí pan-Eorpacha;

(ca) eiseoidh sí agus athnuafaidh sí deimhnithe na n-eagraíochtaí a ghabhann do chórais agus do chomhpháirteanna pan-Eorpacha ATM/ANS a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil nó gheobhaidh sí dearbhuithe ó na heagraíochtaí sin;

(cb) gheobhaidh sí dearbhuithe ó na heagraíochtaí arna ndeimhniú aici féin, dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) i ndáil le córais ATM/ANS;

(d) leasóidh sí, fionróidh sí nó cúlghairfidh sí an deimhniú ábhartha nuair nach mbeidh na coinníollacha faoinar eisíodh é á gcomhlíonadh a thuilleadh nó má mhainníonn an duine dlítheanach nó an duine nádúrtha a bhfuil an deimhniú ina sheilbh na hoibleagáidí a chomhlíonadh a chuirtear air leis an Rialachán seo nó le rialacha cur chun feidhme an Rialacháin;

Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht na cúraimí freisin a shainítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) i ndáil le heagraíochtaí eile, má iarrann na Ballstáit lena mbaineann amhlaidh.

## ROINN III

## Modhanna oibre

### Airteagal 52

### Nósanna imeachta maidir le tuairimí, sonraíochtaí deimhniúcháin agus ábhar treorach a fhorbairt

1. A luaithe agus is féidir tar éis teacht i bhfeidhm don Rialachán seo, bunóidh an Bord Bainistíochta nósanna imeachta trédhearcacha maidir leis na tuairimí, na sonraíochtaí deimhniúcháin agus an t-ábhar treorach dá dtagraítear in Airteagal 18(a) agus (c) a eisiúint.

   Déanfar an méid seo a leanas de bhíthin na nósanna imeachta sin:

   (a) leas a bhaint as an saineolas atá ar fáil in údaráis rialúcháin eitlíochta sibhialta agus míleata, nuair is iomchuí, na mBallstát;

   (b) aon uair is gá, saineolaithe iomchuí ó na páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt isteach, nuair is gá, nó leas a bhaint as saineolas atá ag na comhlachtaí ábhartha Eorpacha um chaighdeánú, ag EUROCONTROL nó ag comhlachtaí speisialaithe eile;

   (c) a áirithiú go bhfoilseoidh an Ghníomhaireacht doiciméid agus go rachaidh sí i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara, de réir cláir ama agus nós imeachta a áiríonn an oibleagáid go dtabharfadh an Ghníomhaireacht freagra i scríbhinn ar an bpróiseas comhairliúcháin.

2. Nuair a fhorbróidh an Ghníomhaireacht tuairimí, sonraíochtaí deimhniúcháin agus ábhar treorach a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit, de bhun Airteagal 19, bunóidh sí nós imeachta le dul i gcomhairle leis na Ballstáit. D'fhéadfadh sí, chuige sin, meitheal a bhunú a mbeadh gach Ballstát i dteideal saineolaí a ainmniú uirthi.

3. Foilseofar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 18(a) agus (c) agus na nósanna imeachta a bunaíodh de bhun mhír 1 den Airteagal seo i bhfoilseachán oifigiúil de chuid na Gníomhaireachta.

4. Bunófar nósanna imeachta speisialta chun dul i ngleic leis an ngníomh a bheidh le déanamh ag an nGníomhaireacht láithreach chun freagairt d'fhadhb sábháilteachta agus chun na páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas maidir leis an ngníomh a bheidh le glacadh acu.

## ROINN IV

## Ceanglais airgeadais

### Airteagal 59

### An Buiséad

1. Is éard a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:

   (a) ranníocaíocht ón Aontas;

   (b) ranníocaíocht ó aon tríú tír Eorpach a bhfuil na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 66 tugtha i gcrích ag an gComhphobal léi;

   (c) na táillí a íocfaidh iarrthóirí ar dheimhnithe agus ar fhormheasanna a eiseoidh an Ghníomhaireacht agus a íocfaidh sealbhóirí na ndeimhnithe agus na bhformheasanna sin;

   (d) muirir ar fhoilseacháin, ar oiliúint agus ar aon seirbhísí eile a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil;

   (e) aon ranníocaíocht dheonach airgeadais ó Bhallstáit, ó thríú tíortha nó ó aonáin eile, fad is nach gcuirfeadh an ranníocaíocht sin isteach ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht na Gníomhaireachta;

   (f) ranníocaíocht ó chomhlachtaí an Aontais chun go bhfeidhmeoidh sí a cúraimí de bhun Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh.(XXXX/XXX) maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú).

2. Áireofar le caiteachas na Gníomhaireachta costais foirne, costais riaracháin, costais bonneagair agus costais oibríochtúla.

3. Beidh ioncam agus caiteachas ar comhardú.

4. Déileálfar astu féin i mbuiséad na Gníomhaireachta le buiséid rialaitheacha agus leis na táillí a shocrófar agus a bhaileofar i leith gníomhaíochtaí deimhniúcháin.

5. Gach bliain soláthróidh an Bord Bainistíochta ráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta don bhliain dár gcionn, arna bhunú ar dhréachtráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta.

6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an ráiteas ar mheastacháin dá dtagraítear i mír 4, a mbeidh dréachtphlean bunaíochta ann chomh maith leis an gclár oibre sealadach, a chur ar aghaidh, faoin 31 Márta ar a dhéanaí, chuig an gCoimisiún agus chuig na stáit sin a bhfuil comhaontuithe curtha i gcrích ag an gComhphobal leo i gcomhréir le hAirteagal 66.

7. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin ar aghaidh chuig an t-údarás buiséid mar aon le réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

8. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé atá riachtanach don phlean bunaíochta agus do mhéid an fhóirdheontais a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, a chuirfidh sé faoi bhráid an údaráis buiséid i gcomhréir le hAirteagal 272 den Chonradh.

9. Údaróidh an t-údarás buiséid leithreasaí don fhóirdheontas a íocfar leis an nGníomhaireacht. Glacfaidh an t-údarás buiséid plean bunaíochta na Gníomhaireachta.

10. Glacfaidh an Bord Bainistíochta an buiséad. Déanfar buiséad críochnaitheach de ach a mbeidh glactha go críochnaitheach le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, déanfar é a choigeartú dá réir.

11. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta fógra, a luaithe is féidir, don údarás buiséid faoi aon tionscadal atá ar intinn aige a chur chun feidhme a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige ar mhaoiniú an bhuiséid, go háirithe faoi aon tionscadail a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi.

I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag craobh den údarás buiséid go bhfuil sé ar intinn aici tuairim a thabhairt, seolfaidh sí a tuairim chuig an mBord Bainistíochta laistigh de thréimhse sé seachtaine ó dháta fógartha an tionscadail.

**Airteagal 64**

**Táillí agus muirir**

1. Toibheofar táillí agus muirir do na nithe seo a leanas:

(a) eisiúint agus athnuachan deimhnithe, maille leis na feidhmeanna leanúnacha maoirseachta gaolmhara;

(b) soláthar seirbhísí; beidh siad ag teacht le costas iarbhír gach soláthair ar leith;

(c) próiseáil achomharc;

(d) clárú dearbhuithe chomh maith leis an fheidhm leantach ábhartha mhaoirseoireachta i réimse ATM/ANS.

Is in euro a léireofar agus a íocfar gach táille agus muirear.

2. Socrófar suim na dtáillí agus na muirear ar leibhéal a áiritheoidh gur leor i bprionsabal an t-ioncam a thiocfaidh dá réir chun costas iomlán na seirbhísí a chuirfear i gcrích a chumhdach. Léireofar sa chostas sin go háirithe, caiteachais uile na Gníomhaireachta a chuirfear i leith na mball foirne dá dtagraítear i mír 3, lena n-áireofar ranníocaíochtaí pro-rata an fhostóra leis an scéim pinsean. Sannfar mar ioncam don Ghníomhaireacht na táillí agus na muirir sin, lena n-áirítear na táillí agus na muirir a bailíodh in 2007.

3. Glacfar i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65([…]**2**) na bearta seo a leanas is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Cinnfear leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, go háirithe, na nithe a bhfuil táillí agus muirir iníoctha orthu de bhun Airteagal 59(1)(c) agus (d), suim na dtáillí agus na muirear agus an modh a n-íocfar iad. Rachfar i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta maidir leis na dréacht-bhearta cur chun feidhme.

**Airteagal 65a**
**An Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Agus tagairt á déanamh don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh 182/2011.

3. Nuair nach dtugann an coiste aon tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún aon dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh 182/2011.

**Airteagal 65b**

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8b(6), fomhír dheireanach, ar feadh tréimhse cúig bliana ó [*dháta foilsithe an Rialacháin seo*]. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tairmligean na cumhachta mar a thagraítear dó in Airteagal 8b(6) fomhír dheireanach a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh feidhm aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith a bheidh i bhfeidhm cheana.

4. Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfaidh an Coimisiún a ghnáthchleachtas agus go rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe na mBallstát, sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8b(6), fomhír dheireanach, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

**Airteagal 65c**

**Nós imeachta práinne**

[...]

***Airteagal [x]***

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

**Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*[5].**

**Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.**

**Arna dhéanamh i Strasbourg,**

**Thar ceann Pharlaimint na hEorpa** | **Thar ceann na Comhairle**

**An tUachtarán** | **An tUachtarán**

---

5 Don IO: *'Foilseofar an Rialachán seo maraon leis an Rialachan EASA (EC) [Uimh XXXXX.] Leis sin áiritheofar go dtiocfaidh an dá rialachán i bhfeidhm ag an am céanna.'*

## IARSCRÍBHINN V

### *CRITÉIR LE HAGHAIDH EINTITEAS INCHÁILITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13 ('EINTITEAS CÁILITHE' NÓ 'EINTITEAS')*

1. Ní fhéadfaidh an t-eintiteas, a Stiúrthóir ná an fhoireann atá freagrach as an tseiceáil a dhéanamh, baint a bheith acu, go díreach ná mar ionadaithe údaraithe, le dearadh, le monarú, le margaíocht nó le cothabháil na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, na gcomhdhamhnaí nó na gcóras ina gcuid oibríochtaí, a soláthar seirbhíse ná a n-úsáid. Ní eisiann sé seo go bhféadfaí faisnéis theicniúil a mhalartú idir na heagraíochtaí atá i gceist agus an t-eintiteas incháilithe.

2. Ní mór don eintiteas agus don fhoireann atá freagrach as na tascanna deimhniúcháin agus maoirseachta, iniúchtaí agus suirbhéanna a gcuid dualgas a chomhlíonadh leis an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir agus leis an inniúlacht theicniúil is fearr agus a bheith saor ó aon bhrú nó aon dreasacht, go háirithe de chineál airgeadais, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a gcuid tascanna deimhniúcháin agus maoirseachta, fiosrúchán, iniúchtaí agus suirbhéanna, go háirithe ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine dá ndéanann torthaí na dtascanna sin difear.

3. Caithfidh an t-eintiteas foireann a fhostú agus an acmhainn a bheith aige na tascanna teicniúla agus riaracháin a bhaineann le próiseas deimhniúchán agus maoirseachta, na hiniúchtaí agus na suirbhéanna a dhéanamh go leordhóthanach; ba cheart go mbeadh rochtain aige freisin ar an trealamh is gá chun seiceáil eisceachtúil a dhéanamh.

4. Caithfidh an méid seo a leanas a bheith ag an eintiteas cáilithe agus an an bhfoireann atá freagrach as fiosrúchán a dhéanamh:

   – oiliúint theicniúil agus ghairmiúil den scoth;

   – eolas sásúil ar cheanglais na dtascanna deimhniúcháin, na n-iniúchtaí agus na suirbhéanna a dhéanann siad agus taithí leordhóthanach ar phróisis den sórt sin,

   – a bheith in ann na dearbhuithe, na taifid agus na tuarascálacha a dhréachtú chun a thaispeáint go ndearnadh na himscrúduithe, na hiniúchtaí agus na suirbhéanna;

– a bheith in ann taithí fhairsing a dhoiciméadú maidir le meastóireacht a dhéanamh ar eintitis phoiblí agus phríobhaideacha .

5. Caithfear neamhchlaontacht na foirne fiosrúcháin na n-iniúchtaí agus na suirbhéanna a ráthú. Níor cheart go mbraithfeadh a luach saothair ar an méid fiosrúchán, iniúchtaí agus suirbhéanna a dhéantar ná ar thorthaí na nithe sin.

6. Ní mór don eintiteas árachas dliteanais a thógáil amach mura ngabhann Ballstát amháin a dhliteanas air féin i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó murab é an Ballstát féin atá freagrach as an imscrúdú a dhéanamh.

7. Caithfidh comhaltaí foirne an eintitis rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus a gcuid tascanna á gcomhlíonadh acu faoin Rialachán seo.

## IARSCRÍBHINN Vb

*CEANGLAIS RIACHTANACHA LE HAGHAIDH ATM/ANS AGUS RIALTÓIRÍ AERTHRÁCHTA*

**1. *Aerspás a úsáid***

(a) Oibreofar gach aerárthach, seachas aerárthaí a úsáidtear sna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a), i ngach céim eitilte nó i limistéar gluaiseachta aeradróim, i gcomhréir leis na rialacha ginearálta oibriúcháin agus le haon nós imeachta infheidme a bheadh sonraithe chun an aerspás sin a úsáid.

(b) Beidh gach aerárthach, seachas aerárthaí a úsáidtear sna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a), feistithe leis na comhpháirteanna riachtanacha agus oibreofar iad dá réir. Comhlíonfaidh na comhpháirteanna a úsáidtear sa chóras ATM/ANS na ceanglais i bpointe 3 freisin.

**2. *Seirbhísí***

*(a) Faisnéise aerloingseoireachta sonraí d'úsáideoirí aerspáis chun críche aerloingseoireachta*

(i) Maidir leis na sonraí a úsáidfear mar fhoinse faisnéise aerloingseoireachta, bainfidh cáilíocht leordhóthanach leo, beidh siad iomlán, reatha agus soláthrófar go tráthúil iad.

(ii) Beidh faisnéis aerloingseoireachta cruinn, iomlán, reatha, soiléir agus bainfidh sláine leordhóthanach léi i bhformáid a bheidh oiriúnach d'úsáideoirí.

(iii) Déanfar faisnéis aerloingseoireachta den chineál sin a scaipeadh ar úsáideoirí aerspáis go tráthúil agus bainfear leas as modhanna cumarsáide a bheidh iontaofa agus mear agus cosanta ó bhac agus ó éillitheacht.

*(b) Faisnéise mheitéareolaíoch*

(i) Maidir leis na sonraí a úsáidfear mar fhoinse faisnéise meitéareolaíochta aerloingseoireachta, bainfidh cáilíocht leordhóthanach leo, beidh siad iomlán agus reatha.

(ii) A mhéid is féidir, beidh faisnéis meitéareolaíochta aerloingseoireachta cruinn, iomlán, reatha, soiléir agus bainfidh sláine leordhóthanach léi chun go mbeidh sí in ann freastal ar riachtanais úsáideoirí aerspáis.

(iii) Déanfar faisnéis meitéareolaíochta aerloingseoireachta den chineál sin a scaipeadh ar úsáideoirí aerspáis go tráthúil agus bainfear leas as modhanna cumarsáide a bheidh iontaofa agus mear agus cosanta ó bhac agus ó éillitheacht.

*(c) Seirbhísí aerthráchta*

(i) Beidh na sonraí a úsáidfear chun seirbhísí aerthráchta a chur ar fáil cruinn, iomlán agus reatha.

(ii) Beidh seirbhísí aerthráchta cruinn, iomlán, reatha agus soiléir go leor chun go mbeidh siad in ann freastal ar riachtanais sábháilte na n-úsáideoirí.

(iii) Déanfar uirlisí uathoibrithe a thugann faisnéis nó comhairle d'úsáideoirí a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil go cuí chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don sprioc atá leo.

(iv) Forálfaidh seirbhísí rialaithe aerthráchta agus próisis ghaolmhara do spás leormhaith idir aerárthaí agus, i limistéar ainlithe eitilte an aeradróim, coiscfidh siad imbhuailtí idir aerárthaí agus baic agus, más iomchuí, cabhróidh siad lena gcosaint ar ghuaiseanna aerbheirthe eile agus áiritheoidh siad go ndéanfar comhordú pras agus tráthúil i gcomhar leis na húsáideoirí ábhartha go léir agus leis na méideanna aerspáis cóngaracha go léir.

(v) beidh an chumarsáid idir seirbhísí aerthráchta agus aerárthaí agus na haonaid ábhartha seirbhísí aerthráchta tráthúil, soiléir agus ceart, cosnófar ó bhac í agus tuigfidh na gníomhairí uile a bheidh rannpháirteach í agus admhóidh siad í, más infheidhme.

(vi) Beidh modhanna i bhfeidhm chun cásanna éigeandála féideartha a thadhall agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíocht éifeachtach cuardaigh agus tarrthála a thionscnamh. Áireofar ar na modhannna sin, ar a laghad, sásraí foláirimh, bearta agus nósanna imeachta comhordaithe agus, na hacmhainní agus an fhoireann atá riachtanach chun an limistéar freagrachta a chumhdach go héifeachtúil.

*(d) Seirbhísí cumarsáide*

Déanfaidh na seirbhísí cumarsáide feidhmíocht leordhóthanach a bhaint amach agus a chothabháil chomh fada agus a bhaineann lena n–infhaighteacht, lena sláine, lena leanúnachas agus lena dtráthúlacht. Beidh siad gasta agus cosanta ó éilliú.

*(e) Seirbhís loingseoireachta*

Déanfaidh an tseirbhís aerloingseoireachta leibhéal leordhóthanach feidhmíochta a bhaint amach agus a chothabháil maidir le treoir, aimsiú suímh agus, nuair atá sé ar fáil, faisnéis uainiúcháin. Áirítear ar na critéir feidhmíochta beachtas, sláine, infhaighteacht agus leanúnachas na seirbhíse.

*(f) Seirbhís faireachais*

Déanfaidh na seirbhísí faireachais amach cá bhfuil suímh na n-aerárthaí faoi seach atá san aer, mar aon le suímh aerárthaí eile agus feithiclí talún ar dhromchla an aeradróim, agus déanfaidh siad an méid sin ar leibhéal feidhmíochta leordhóthanach chomh fada agus a bhaineann le beachtas, sláine, leanúnachas agus dóchúlacht brathadóireachta na suíomh sin.

*(g) Bainistiú sreafa aerthráchta*

Úsáidfidh agus soláthróidh an bainistiú oirbheartaíochta ar shreabhadh aerthráchta ar leibhéal an Aontais faisnéis atá beacht a dhóthain agus cothrom le dáta faoi mhéid agus faoi chineál an aerthráchta bheartaithe a dhéanfaidh difear do sholáthar seirbhísí agus déanfaidh sé comhordú agus caibidlíocht ar athródú nó moilliú na sreabh aerthráchta d'fhonn an riosca go dtarlódh ró-ualú san aer nó sna haeradróim a laghdú. Déanfar bainistiú sreibhe d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn atá ar fáil ó thaobh úsáid aerspáis de agus feabhas a chur ar phróisis bhainistíochta an tsreafa aerthráchta. Beidh sé bunaithe ar shábháilteacht, ar thrédhearcacht agus éifeachtúlacht, á áirithiú go gcuirfear an acmhainn ar fáil ar mhodh solúbtha tráthúil atá comhsheasmhach leis an bPlean Eorpach Aerloingseoireachta.

Tacóidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8b(6), maidir le bainistiú na sreibhe aerthráchta le cinntí oibríochtúla a dhéanfaidh soláthraithe seirbhisí aerthráchta, oibreoirí aerfoirt agus úsáideoirí aerspáis agus clúdóidh siad na réimsí seo a leanas:

(a) pleanáil eitiltí;

(b) úsáid na hacmhainneachta aerspáis atá ar fáil le linn gach staid den eitilt, lena n-áirítear sliotáin en route a shannadh; agus

(c) úsáid a bhaint as ródúcháin i ngnáth-aerthrácht, lena n-áirítear:

- foilseachán aonair a chruthú le haghaidh treoraíochta bealaí agus tráchta,

- roghanna chun an gnáth-aerthrácht a athstiúrú ó limistéir phlódaithe, agus

- rialacha tosaíochta maidir le rochtain ar aerspás don ghnáth-aerthrácht, go háirithe le linn tréimhsí plódúcháin agus géarchéime,

(d) comhsheasmhacht idir pleananna eitilte agus sliotáin aerfoirt agus an comhordú is gá le réigiúin chomharsanacha, de réir mar is iomchuí.

*(h) Bainistiú aerspáis*

Maidir le méideanna sonracha aerspáis a ainmniú chun críche usáide áirithe, déanfar faireachán ar an ainmniú sin agus déanfar é a chomhordú agus a fhógairt ar shlí thráthúil d'fhonn go ndéanfaí an riosca go gcaillfí aon spás idir aerárthaí i ngach uile chúinse a laghdú. Agus eagrú gníomhaíochtaí míleata agus gnéithe gaolmhara faoi fhreagracht na mBallstát á chur san áireamh, tacóidh bainistiú an aerspáis freisin le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an choincheapa maidir le húsáid sholúbtha a bhaint as aerspás, de réir an cur síos air a rinne an ICAO agus arna cur chun feidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. (XXXX/XXX) maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú), d'fhonn bainistiú an aerspáis agus bainistiú aerthráchta a éascú i gcomhthéacs an chomhbheartais iompair.

*(i) Dearadh an aerspáis*

Déanfar struchtúir aerspáis agus nósanna imeachta eitiltí a dhearadh go cuí agus déanfar suirbhéireacht go cuí orthu agus déanfar iad a bhailíochtú go cuí sula bhféadfar iad a imlonnú agus sula bhféadfaidh aerárthaí iad a úsáid.

**3. *Córais agus trealamh***

*(a) Ginearálta*

Maidir leis na córais agus na comhpháirteanna BAT/SAL a sholáthraíonn faisnéis ghaolmhar don aerárthach agus ón aerárthach agus ar an talamh, beidh siad deartha, monaraithe, suiteáilte, cothabháilte agus oibrithe go cuí chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh.

Áireofar ar na córais agus ar na nósanna imeachta go háirithe na cinn sin a bhfuil gá leo chun tacú leis na feidhmeanna agus leis na seirbhísí seo a leanas:

1. Bainistiú aerspáis.

2. Bainistiú sreafa aerthráchta.

3. Seirbhísí aerthráchta, go háirithe córais um próiseáil sonraí eitilte, córais um próiseáil sonraí faireachais agus córais um chomhéadan idir duine agus meaisín.

4. Córais chumarsáide lena n-áirítear cumarsáid talamh go talamh, aer go talamh agus aer go haer.

5. Loingseoireacht.

6. Faireachas.

7. Seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta.

8. Faisnéis mheitéareolaíoch a úsáid.

*(b) Sláine, feidhmíocht agus iontaofacht na gcóras agus na gcomhpháirteanna*

Maidir le sláine na gcóras agus na gcomhpháirteanna agus maidir lena bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de, cibé ar aerárthach, ar an talamh nó sa spás, beidh siad oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh. Déanfaidh siad an leibhéal feidhmíochta oibríochta is gá maidir lena gcoinníollacha intuartha oibríochta go léir agus maidir lena saol oibríochta iomlán a chomhlíonadh.

Déanfar córais BAT/SAL agus a gcomhpháirteanna a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a oibriú ag baint úsáide as na nósanna imeachta iomchuí bailíochtaithe, ar bhealach a áiritheoidh oibriú comhleanúnach an gréasán Eorpach um bainistiú aerthráchta i gcónaí agus ag gach céim den eitilt. Is féidir oibriú comhleanúnach a léiriú, go háirithe, i dtéarmaí faisnéis a chomhroinnt, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha faoin stádas oibríochta, tuiscint chomhchoiteann ar fhaisnéis, feidhmíochtaí próiseála atá inchurtha lena gcéile agus na nósanna imeachta a ghabhann leo a dhéanann feidhmíochtaí comhchoiteanna oibriúcháin a chumasú don ghréasán Eorpach um bainistiú aerthráchta (EATMN) iomlán nó do chodanna de.

Trí bhíthin EATMN, a chórais agus a gcomhpháirteanna, tacófar, ar bhonn comhordaithe, le coincheapa nua oibríochtúla a comhaontaíodh agus a bailíochtaíodh, coincheapa lena bhfeabhsófar caighdeán, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí aerloingseoireachta, go háirithe ó thaobh sábháilteachta agus toillte de.

Trí bhíthin EATMN, a chórais agus a gcomhpháirteanna, tacófar le comhordú sibhialta/míleata a chur chun feidhme de réir a chéile, a mhéad is gá ar mhaithe le bainistiú éifeachtach aerspáis agus sreibhe aerthráchta, agus le go mbainfidh gach úsáideoir úsáid shábháilte éifeachtúil as an aerspás, trí chur i bhfeidhm an choincheapa maidir le húsáid sholúbtha a bhaint as aerspás.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tacóidh EATMN, a chórais agus a gcomhpháirteanna le faisnéis cheart chomhsheasmhach a chumhdóidh gach céim eitilte a chomhroinnt go tráthúil idir páirtithe sibhialta agus míleata, gan dochar do leasanna beartais slándála nó cosanta, lena n-áirítear ceanglais maidir le rúndacht.

*(c) Córais agus comhpháirteanna a dhearadh*

(i) Déanfar córais agus comhpháirteanna a dhearadh chun go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais sábháilteachta is infheidhme.

(ii) Maidir le córais agus le comhpháirteanna, arna mbreithniú i dteannta a chéile, ar leithligh agus ag féachaint don ghaol atá eatarthu, déanfar iad a dhearadh sa chaoi is go mbeidh gaol inbhéartach ann idir an dóchúlacht gur cliseadh ar an gcóras iomlán a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar aon chliseadh agus déine a éifeachta ar shábháilteacht na seirbhísí.

(iii) Déanfar na teorainneacha a bhaineann le hinniúlachtaí agus feidhmíocht an duine a chur san áireamh agus na córais agus na comhpháirteanna, arna mbreithniú ar leithligh agus i gcomhcheangal lena chéile, á ndearadh.

(iv) Déanfar na córais agus na comhpháirteanna a dhearadh sa chruth agus go gcosnófar iad ó idirghníomhaíochtaí dochracha neamhbheartaithe le gnéithe seachtracha.

(v) Déanfar faisnéis atá riachtanach chun na córais agus na comhpháirteanna a mhonarú, a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil, mar aon le faisnéis maidir le coinníollacha neamhshábháilte, a chur ar fáil do phearsanra ar bhealach soiléir, comhsheasmhach agus gan athbhrí.

*(d) Leibhéal leanúnach seirbhíse*

Déanfar leibhéil sábháilteachta na gcóras agus na gcomhpháirteanna a chothabháil le linn seirbhíse agus tráth a ndéantar aon mhodhnuithe ar an tseirbhís.

**4. *Cáilíochtaí rialtóirí aerthráchta***

*(a) Ginearálta*

Beidh duine a bhfuil oiliúint á chur air mar rialtóir aerthráchta nó mar ábhar rialtóra aerthráchta chomh haibí ó thaobh oideachais, coirp agus meabhrach de chun go mbeidh sé in ann an t-eolas ábhartha teoiriciúil agus an scil phraiticiúil a shealbhú, a choimeád agus a léiriú.

*(b) Eolas Teoiriciúil*

(i) Déanfaidh rialtóir aerthráchta leibhéal eolais a shealbhú agus a chothabháil, ar leibhéal eolais é a oirfidh do na feidhmeanna a dhéanfar agus a bheidh i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis an gcineál seirbhíse a shealbhú agus a chothabháil.

(ii) Léireofar go bhfuil eolas teoiriciúil á shealbhú agus á choimeád trí mheasúnú leanúnach le linn na hoiliúna, nó trí scrúduithe iomchuí.

(iii) Déanfar leibhéal iomchuí eolais theoiriciúil a chothabháil. Léireofar go bhfuil sé sin á chomhlíonadh trí mheasúnuithe rialta nó trí scrúduithe rialta. Beidh rialtacht na scrúduithe i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcineál seirbhíse i dtrácht.

*(c) Scil phraiticiúil*

(i) Gheobhaidh agus cothabhálfaidh rialtóir aerthráchta na scileanna praiticiúla is iomchuí chun a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Beidh na scileanna sin i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis an gcineál seirbhíse agus déanfaidh siad, más iomchuí i gcás na bhfeidhmeanna a fheidhmeofar, an méid seo a leanas a chumhdach:

i. nósanna imeachta oibríochta;

ii. sainghnéithe a bhaineann leis an gcúram;

iii. cásanna neamhghnácha agus cásanna éigeandála; agus

iv) imthosca daonna.

(ii) Léireoidh rialtóir aerthráchta go bhfuil sé ar a chumas na nósanna imeachta agus na cúraimí gaolmhara a chur i gcrích de réir leibhéil inniúlachta is iomchuí do na feidhmeanna a fheidhmítear.

(iii) Déanfar leibhéal sásúil inniúlachta i scil phraiticiúil a chothabháil. Fíordheimhneofar go bhfuil sé sin á chomhlíonadh trí mheasúnuithe rialta. Beidh minicíocht na measúnuithe seo i gcomhréir leis an gcastacht agus leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcineál seirbhíse agus leis na cúraimí a chomhlíontar.

*(d)* *Inniúlacht Teanga*

(i) Léireoidh rialtóir aerthráchta go bhfuil sé ar a chumas Béarla a labhairt agus a thuiscint a dhóthain chun go mbeidh sé nó sí ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i gcásanna guthchumarsáide amháin (guthán/raidió-theileafón) agus i gcásanna cumarsáide "duine le duine" i dtaobh ábhar nithiúil agus ábhar a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear cásanna éigeandála.

(ii) Sa chás go mbíonn gá leis chun seirbhís rialaithe ATS a sholáthar, beidh ar chumas rialtóra aerthráchta an teanga náisiúnta nó na teangacha náisiúnta a labhairt agus a thuiscint go dtí an leibhéal a bhfuil tuairisc tugtha thuas air.

*(e)* *Feistí oiliúna sintéiseacha (STD)*

Nuair a bhaintear úsáid as STD chun oiliúint phraiticiúil a thabhairt san fheasacht ar dhálaí éagsúla agus i dtosca an duine nó chun a léiriú go bhfuil scileanna faighte nó cothabháilte, beidh leibhéal feidhmíochta ag an bhfearas sin le go bhféadfar samhaltú leordhóthanach a dhéanamh ar an timpeallacht oibre agus ar na dálaí oibríochta atá oiriúnach don oiliúint atá á soláthar.

*(f)* *Cúrsa Oiliúna*

(i) Tabharfar an oiliúint i bhfoirm cúrsa oiliúna, ina bhféadfar teagasc teoiriciúil agus teagasc praiticiúil a chuimsiú, lena n-áirítear oiliúint ar STD, más infheidhme.

(ii) Déanfar cúrsa a shainiú agus a fhormheas i gcomhair gach cineál oiliúna.

(g) *Teagascóirí*

(i) Is teagascóirí cuícháilithe amháin a thabharfaidh teagasc teoiriciúil. Comhlíonfaidh siad na critéir seo a leanas:

i. go mbeadh eolas cuí acu sa réimse lena mbaineann an teagasc; agus

ii. beidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas modhanna teagaisc iomchuí a úsáid.

(ii) Is teagascóirí cuícháilithe, a mbeidh na cáilíochtaí seo a leanas acu, a dhéanfaidh scileanna praiticiúla a theagasc:

i. comhlíonfaidh siad na ceanglais iomchuí maidir le heolas teoiriciúil agus taithí de réir an teagaisc atá á thabhairt;

ii. beidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas teagasc a dhéanamh agus modhanna teagaisc iomchuí a úsáid;

iii. beidh taithí acu ar theicnící teagaisc sna nósanna imeachta sin ina mbeartaítear teagasc a chur ar fáil; agus

iv) cuirfear oiliúint athnuachana rialta orthu chun a áirithiú go gcothabhálfaidh siad na hinniúlachtaí teagaisc.

iii) Beidh teagascóirí i scileanna praiticiúla i dteideal gníomhú mar rialtóirí aerthráchta freisin, nó ní mór go raibh siad i dteideal gníomhú amhlaidh tráth.

*(h) Measúnóirí*

(i) Maidir leis na daoine a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar scil na rialtóirí aerthráchta:

i. beidh sé léirithe acu go bhfuil siad ábalta feidhmíocht na rialtóirí aerthráchta a mheasúnú, agus scrúduithe agus seiceálacha a dhéanamh orthu; agus

ii. cuirfear oiliúint athnuachana rialta orthu chun a áirithiú go gcoimeádfar na caighdeáin measúnaithe cothrom le dáta.

(ii) Beidh measúnóirí ar scileanna praiticiúla i dteideal gníomhú mar rialtóirí aerthráchta sna réimsí ina bhfuil an measúnú le déanamh, nó ní mór go raibh siad i dteideal gníomhú amhlaidh tráth.

*(i) Feidhmiúlacht liachta rialtóra aerthráchta*

(i) Critéir leighis

i. Beidh ar gach rialtóir aerthráchta a fheidhmiúlacht liachta chun a fheidhmeanna a fheidhmiú go sásúil a léiriú go tráthrialta. Déanfar comhlíonadh a léiriú trí mheasúnú iomchuí trína gcuirfear an meath meabhrach agus fisiceach a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr aoise san áireamh;

ii. Maidir le feidhmiúlacht liachta a léiriú, arb éard atá ann feidhmiúlacht fhisiceach agus mheabhrach, áireofar ann gur léiríodh nach bhfuil aon ghalar ná aon mhíchumas ar an duine a sholáthraíonn seirbhís aerthráchta (ATC), a d'fhágfadh nach mbeadh sé in ann:

– na cúraimí is gá chun seirbhís BAT a sholáthar a chur i gcrích go cuí,

– dualgais a shanntar dó tráth ar bith a fheidhmiú; nó

– a timpeallacht nó a thimpeallacht a bhrath i gceart.

(ii) I gcás nach féidir dea-shláinte a léiriú go hiomlán, féadfar bearta maolaithe a chur chun feidhme a chuirfidh sábháilteacht choibhéiseach ar fáil.

**5. *Soláthraithe seirbhísí agus eagraíochtaí oiliúna***

*(a) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhísí mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:*

(i) beidh an acmhainn is gá le haghaidh scála agus raon na seirbhíse ag an soláthraí seirbhíse, go díreach nó go hindíreach trí chonarthaí. Áireofar ar an acmhainn sin córais, áiseanna, lena n-áirítear soláthar cumhachta, struchtúr bainistíochta, pearsanra, trealamh agus cothabháil an trealaimh, doiciméadacht tascanna, freagrachtaí agus nósanna imeachta, rochtain ar shonraí ábhartha agus coimeád taifead, gan a bheith teoranta dóibh;

(ii) déanfaidh an soláthraí seirbhíse lámhleabhair bhainistíochta agus lámhleabhair oibríochtaí a fhorbairt agus a choimeád cothrom le dáta maidir le soláthar a chuid seirbhísí agus beidh air oibriú i gcomhréir leis na lámhleabhair sin. Beidh sna lámhleabhair sin na treoracha uile, an fhaisnéis uile agus na nósanna imeachta uile is gá do na hoibríochtaí, don chóras bainistíochta agus chun gur féidir leis an bpearsanra oibríochtaí a gcuid dualgas a chomhlíonadh;

(iii) caithfidh an t-oibreoir córas bainistíochta a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh oibríochtaí agus iarracht a dhéanamh feabhsú leanúnach a chur ar an gcóras seo;

(iv) is pearsanra cuícháilithe agus cuí-oilte, agus iad sin amháin, a úsáidfidh an soláthraí seirbhíse agus déanfaidh sé cláir oiliúna agus seiceála a chur chun feidhme agus a chothabháil don phearsanra;

(v) déanfaidh an soláthraí seirbhíse idirphléití foirmiúla a bhunú leis na geallshealbhóirí go léir a d'fhéadfadh tionchar díreach a imirt ar shábháilteachta a gcuid seirbhísí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha seo;

(vi) bunóidh an soláthraí seirbhíse plean teagmhasach ina gcuimseofar cásanna éigeandála agus dálaí neamhghnácha a d'fhéadfadh titim amach maidir lena sheirbhísí, agus cuirfidh sé an plean sin chun feidhme;

(vii) bunóidh agus cothabhálfaidh an soláthraí seirbhíse clár coiscthe tionóiscí agus tarluithe mar aon le clár sábháilteachta, lena n-áirítear clár tuairiscithe agus anailísithe teagmhas, agus bainfidh an córas bainistíochta feidhm as chun cur leis an aidhm feabhsú leanúnach a dhéanamh ar shábháilteacht; agus

(viii) déanfaidh an soláthróir seirbhíse socruithe chun a fhíorú go gcomlíontar na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta a bhaineann le gach córas nó comhpháirt ag am ar bith.

*(b) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhíse ATC mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:*

(i) trí chóras uainchláir, déanfar bainistiú ar chosc tuirse an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhís ATC. Caithfidh an córas uainchláir sin déileáil le tréimhsí dualgais, am dualgais agus tréimhsí scíthe oiriúnaithe. Maidir leis na srianta a bhunaítear laistigh den chóras uainchláir, tabharfar lánaird ar na tosca ábhartha a chuireann le tuirse amhail, go háirithe, easpa codlata, cur isteach ar thimthriallta laethúla, uaireanta oíche, am dualgais carnach ar feadh tréimhsí ama áirithe agus cúraimí leithdháilte a roinntear ar phearsanra;

(ii) trí chláir oideachais agus trí chláir um chosc, déanfar bainistiú ar chosc struis an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhís ATC;

(iii) beidh nósanna imeachta curtha i ngníomh ag an soláthraí seirbhíse ATC chun a fhíorú nach lagaítear breithiúnas cognaíoch an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhísí ATC nó nach bhfuil siad easpach ó thaobh feidhmiúlacht liachta de;

(iv) mar chuid den phleanáil agus de na hoibríochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse ATC srianta oibríochtúla agus teicniúla, mar aon le prionsabail a bhaineann le tosca an duine, a chur san áireamh.

*(c) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhíse cumarsáide, loingseoireachta agus/nó faireachais mura rud é go gcomhlíontar an coinníoll seo a leanas:*

Déanfaidh an soláthraí seirbhíse úsáideoirí ábhartha an aerspáis agus na haonaid ATS a choimeád ar an eolas ar bhonn tráthúil maidir le stádas oibríochta a sheirbhísí (agus aon athruithe ar an stádas sin) a sholáthraítear chun críocha ATS.

*(d) Eagraíochtaí Oiliúna*

Déanfaidh eagraíocht oiliúna a chuireann oiliúint ar phearsanra a sholáthraíonn seirbhís ATC na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(i) gach acmhainn is gá a bheith aici maidir le raon na bhfreagrachtaí a bhaineann lena gníomhaíocht. Áirítear orthu sin áiseanna, pearsanra, trealamh, modheolaíocht, doiciméadacht tascanna, freagrachtaí agus nósanna imeachta, rochtain ar shonraí ábhartha agus coimeád taifead, ach gan a bheith teoranta dóibh;

(ii) córas bainistíochta a bhaineann le sábháilteacht agus le caighdeán na hoiliúna a chur i bhfeidhm agus a choimeád ar bun agus é a bheith de chuspóir ag an eagraíocht an córas sin a fheabhsú go leanúnach, agus

(iii) bunóidh siad socruithe le heagraíochtaí ábhartha eile, de réir mar is gá, chun a áirithiú go gcloífear leis na ceanglais bunriachtanacha seo ar bhonn leanúnach.